ESB NETWORKS

Cheacht 4
Bileog Gníomhaíochta An tAthrú Aeráide agus Tusa

Aimsir V Aeráid – Cuir na Ráitis in Eagar

Léigh na ráitis seo a leanas agus socraigh an mbaineann siad leis an Aimsir nó leis an Aeráid.

Thomhais ár stáisiún aimsire scoile 22 mm báistí inné	Bíonn teochtaí measartha in Éirinn ar feadh na bliana mar gheall ar an Aigéan Atlantach	Bíonn na geimhrí in Éirinn fliuch agus fionnuar de ghnáth
Thugamar faoi deara go raibh sioc ar an talamh ar maidin	Tá teocht 8°C ann faoi láthair agus tá sé scamallach lasmuigh	Bíonn go leor córas ísealbhrú in Éirinn sa gheimhreadh
Bíonn meánteocht na hÉireann i mí Iúil thart ar 15–20°C	Tá foláireamh gaoithe buí i bhfeidhm ar an gcósta thiar inniu	Titeann níos mó báistí ar an gcósta thiar gach bliain ná ar an gcósta thoir
Is gnách go dtagann gnáthghaoth na hÉireann aniar aneas	Bhí sé teo ná mar is gnách i mBaile Átha Cliath tráthnóna inniu	Tá ardú thart ar 1°C tagtha ar theocht na hÉireann le céad bliain anuas
Tá méadú tagtha ar na teagmhais bháistí throma in Éirinn le 30 bliain anuas	An tseachtain seo caite, thaifead stáisiún aimsire ár scoile teochtaí níos airde ná meánteocht mhí Dheireadh Fómhair	Táthar ag súil le stoirm thoirní i gCúige Mumhan anocht
Thuar ár stáisiún aimsire báisteach throm don lá amárach, ach níor tharla sé	Is cosúil go bhfuil stoirmeacha cosúil le Stoirm Barra ag tarlú níos minice le blianta beaga anuas	Thug gaotha an oirdheiscirt dálaí níos tirime ná mar is gnách go hÉirinn inniu

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

Ráitis aimsire fíor-ama

Féach ar fhaisnéis ó stáisiún aimsire na scoile agus cruthaigh do ráitis aimsire féin don tseachtain sin.

Samplaí:

- Thit 3mm báistí inniu
- Ba ón iardheisceart den chuid is mó a bhí treo na gaoithe inniu

Aimsir agus Aeráid a Nascadh

Bain úsáid as an léarscáil staire nó as tuarascáil a thugann do mhúinteoir duit chun breathnú ar na meánteochtaí in Éirinn thar thréimhse tríocha bliain. Léiríonn sé seo sonraí aeráide. Déan comparáid idir na meáin a bhailigh do stáisiún aimsire féin don mhí seo nó don bhliain seo agus na meáin a chuir Met Éireann ar fáil.

Léarscáil staire ar fáil anseo:

https://storymaps.arcgis.com/stories/93cbad5530054f58a6246a44920aa3f3

Seo roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a fhreagairt mar chuid de do thaighde:

- Cad é meánteocht/méid báistí/treo na gaoithe do stáisiúin aimsire i gcomparáid le meán fadtéarmach Met Éireann?
- An bhfuil do cheantar áitiúil níos teo, níos fuaire, nó cosúil leis an meánaeráid náisiúnta?
- An bhfuil an bháisteach i do cheantar cosúil leis an meánaeráid náisiúnta?
- An bhfuil treo na gaoithe cosúil leis an meánaeráid náisiúnta?
- An féidir leat aon difríochtaí eatarthu a mhíniú? (m.sh., suíomh, airde, am den bhliain, tarluithe aimsire)
- Is féidir breathnú ar na ceisteanna seo ó thaobh an mheáin áitiúil freisin.

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

Iarrachtaí domhanda i gcoinne an Athraithe Aeráide – Líon isteach na Bearnaí

Úsáid na focail seo chun na habairtí thíos a chomhlánú:

1.5°C	Astaíochtaí	Maoiniú don Aeráid
Pleananna aeráide	Téamh domhanda	Ceannairí
Domhanda	Tíortha forbartha	Oiriúnú

1. D'iarr Prótacal Kyoto ar _____ a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar dtús.

2. Tá sé mar aidhm ag Comhaontú Pháras an _____ a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

3. Ní mór do thíortha a gcuid _____ a nuashonrú gach cúpla bliain i gComhaontú Pháras.

4. Déanann comhaontuithe idirnáisiúnta iarracht _____ a laghdú d'fhonn an t-athrú aeráide a theorannú.

5. Spreagann Comhaontú Pháras tíortha chun iarracht a dhéanamh fanacht faoi théamh _____

6. Is iarracht _____ í Comhaontú Pháras a bhfuil baint aici le beagnach gach tír.

7. Ag Cruinnithe COP (Comhdháil na bPáirtithe), tagann _____ domhanda le chéile chun saincheisteanna aeráide a phlé.

8. Spreagann comhaontú Pháras tíortha chun _____ do thionchair an athraithe aeráide.

9. Ábhar lárnach ag COP is ea _____ a thacaíonn le tíortha bochtapoorer countries.

WEATHER Watch

Cheacht 4
Gníomhaíochtaí Breise

Gníomhaíocht 1: Nasctha le Beartas

Scríobh 4–6 abairt ar cheann amháin de na roghanna seo a leanas:

Rogha A:

Cé acu comhaontú, Kyoto nó Páras, is éifeachtaí dar leat?
Tabhair dhá chúis.

Rogha B:

Dá bhfreastalófá ar COP mar ionadaí óige ó Éirinn, cén gníomh aeráide a mbhéifeá ag brú ar a shon agus cén fáth?

Rogha C:

Mínigh conas a chuidíonn fuinneamh in-athnuaite (ar nós gaoth nó gréine) le tíortha a gcuid spriocanna i gComhaontú Pháras a bhaint amach.

Gníomhaíocht 2: Nasctha leis an Aimsir

Bain úsáid as na sonraí aimsire atá ar fáil ó do stáisiún aimsire scoile chun na sonraí seo a leanas a bailíodh thar sheachtain a léiriú i ngraf.

Ba chóir do na daltaí na sonraí aimsire atá ar fáil óna stáisiún aimsire a úsáid chun na sonraí seo a leanas a bailíodh thar sheachtain a léiriú i ngraf.

- Luas na GaoitheRainfall
- Báisteach
- Brú Atmaisféarach

Bain úsáid as an ngraf chun grafaic eolais a chruthú faoin aimsir i do cheantar áitiúil.